Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáċ mé ag siúl le ciuṁais na haḃann
Ar ḃáinseaċ úr is an drúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tsléiḃ,
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na spéire;
Taitneaṁaċ aoiḃinn suíoṁ na sléiḃte
Ag bagairt a gcinn ċar ḋroim a ċéile.
Do ġealḟaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
Caite gan brí, nó líonta de ṗianta,
An séiċleaċ searḃ gan sealḃ gan saibreas
D'ḟéaċḟaḋ tamall ċar ḃarra na gcoillte
Ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a bḟuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
Péirse im raḋarc go taiḃseaċ tarrḃreac,
Daċ an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiċ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ślóite,
Tréanriċ gaḋar is Reynard rómpu.